2026/1757

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1757 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú brainsí tríú tír

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 48l(1), an ceathrú fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Treoir 2013/36/AE chun, *inter alia*, córas nua a thabhairt isteach, i dTeideal VI den Treoir sin, chun brainsí tríú tír san Aontas a bhunú, a rialáil agus chun maoirseacht a dhéanamh orthu. Leagtar amach sa chóras sin cumhachtaí maoirseachta d'údaráis inniúla maidir le brainsí tríú tír. Mar chuid den chóras sin, agus chun úsáid na gcumhachtaí maoirseachta do bhrainsí tríú tír a chumadh, ba cheart sonrú na faisnéise atá le fáil ag na húdaráis inniúla a bheith bunaithe ar chreat coiteann tuairiscithe maoirseachta, chun maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh na gceanglas stuamachta agus maoirseachta is infheidhme ag brainsí tríú tír a éascú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 48l(1), an dara fomhír, de Threoir 2013/36/AE, beidh na ceanglais tuairiscithe comhréireach le haicmiú brainsí tríú tír mar aicme 1 nó aicme 2. Is gá, dá bhrí sin, dhá shraith teimpléad a fhorbairt, sraith amháin le haghaidh gach aicme, i gcomhréir le cur chuige trína meastar go dtuairisceoidh brainsí tríú tír in aicme 1, a meastar go mbaineann riosca níos mó leo, faisnéis níos mionsonraithe ná aicme 2.

(3) Chun tacar coiteann cleachtas maoirseachta a áirithiú maidir le brainsí tríú tír, is gá na dátaí tagartha maidir le tuairisciú agus na dátaí íocaíochta le haghaidh tuairisciú a shonrú freisin, chomh maith leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme maidir leis na haighneachtaí tuairiscithe ó bhrainsí tríú tír. Le hAirteagal 48l(1) de Threoir 2013/36/AE tugadh isteach ceanglas ar ÚBE réitigh TF a fhorbairt, lena n-áirítear teimpléid agus treoracha tuairiscithe, a bheidh le húsáid ag brainsí tríú tír chun na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 48k den Treoir sin a chomhlíonadh. Dá réir sin, ba cheart na pointí sonraí agus an fhaisnéis nach mór do bhrainsí tríú tír a thuairisciú agus na pointí sonraí agus an fhaisnéis ba cheart do ÚBE a áireamh sna réitigh TF lena mbaineann a shonrú ar bhealach atá soiléir go leor. Chun go mbeidh ÚBE in ann réitigh TF iomchuí a fhorbairt, níor cheart na formáidí tuairiscithe aonfhoirmeacha sin a bheith ceangailteach maidir lena struchtúr agus lena léiriú, ós rud é nár cheart go mbeadh sé de cheangal ar ÚBE an léiriú grafach agus an struchtúr táblach a leagtar síos san iarscríbhinn a mhacasamhlú. Ba cheart do ÚBE, go háirithe, bheith in ann imeacht ó léiriú grafach agus ó struchtúr táblach na dteimpléad tuairiscithe fad a áireofar na pointí sonraí agus an fhaisnéis uile is gá sna réitigh TF.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ÚBE faoi bhráid an Choimisiúin.

(5) Reáchtáil ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338–,, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.

([2]) Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (IO L, 2024/1619, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1619/oj.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

(6) Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, tá na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 48k(1) de Threoir 2013/36/AE ag brath ar fhorálacha substaintiúla foluiteacha a leagtar síos in Airteagail 48h, 48e agus 48f den Treoir sin, agus níor cheart feidhm a bheith acu ach ón 11 Eanáir 2027 ar aghaidh. Thairis sin, is gá a ndóthain ama a thabhairt do bhrainsí tríú tír ullmhú don tuairisciú. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dátaí tagartha maidir le tuairisciú

1. Cuirfidh brainsí tríú tír an fhaisnéis, dá dtagraítear sa Rialachán seo, faoi bhráid na n-údarás inniúil, faoi mar atá an fhaisnéis sin, ar na dátaí tagartha maidir le tuairisciú seo a leanas:

(a) tuairisciú míosúil: an lá deireanach de gach mí;

(b) tuairisciú ráithiúil: an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig;

(c) tuairisciú leathbhliantúil: an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig;

(d) tuairisciú bliantúil: an 31 Nollaig.

2. Tuairisceoidh brainsí tríú tír an fhaisnéis airgeadais maidir leis an mbrainse tríú tír féin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) nó prionsabail chuntasaíochta an Bhallstáit a bhfuil glactha leo go ginearálta agus ina dtagraítear do thréimhse áirithe go carnach ón gcéad lá den bhliain chuntasaíochta go dtí an dáta tagartha.

3. I gcás ina gceadaítear le dlíthe náisiúnta do bhrainsí tríú tír a bhfaisnéis airgeadais agus rialála a thuairisciú bunaithe ar dheireadh a mbliana cuntasaíochta, rud a imíonn ó dheireadh na bliana féilire, féadfar dátaí tagartha maidir le tuairisciú a choigeartú dá réir sin ionas go ndéanfar an tuairisciú freisin gach 1 mhí, 3 mhí, 6 mhí nó 12 mhí ó dheireadh a mbliana cuntasaíochta.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir le faisnéis faoin gceannghnóthas, ar choinníoll go gceadaíonn dlínse ábhartha an tríú tír faisnéis rialála a thuairisciú agus úsáid á baint as deireadh na bliana fioscaí mar an dáta tagartha.

Airteagal 2

Dátaí íocaíochta le haghaidh tuairisciú

1. Cuirfidh brainsí tríú tír an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi am dúnta gnó ar na dátaí íocaíochta seo a leanas:

(a) tuairisciú míosúil: an 15ú lá féilire tar éis an dáta tagartha maidir le tuairisciú;

(b) tuairisciú ráithiúil: an 12 Bealtaine, an 11 Lúnasa, an 11 Samhain agus an 11 Feabhra;

(c) tuairisciú leathbhliantúil: an 11 Lúnasa agus an 11 Feabhra;

(d) tuairisciú bliantúil: an 11 Feabhra.

2. Cuirfidh brainsí tríú tír an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi am dúnta gnó ar na dátaí íocaíochta seo a leanas:

(a) tuairisciú ráithiúil: an 11 Meitheamh, an 11 Meán Fómhair, an 11 Nollaig agus an 11 Márta;

(b) tuairisciú leathbhliantúil: an 11 Meán Fómhair agus an 11 Márta;

(c) tuairisciú bliantúil: an 11 Márta.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj).

3. I gcás inar saoire phoiblí é lá na híocaíochta i mBallstát an údaráis inniúil dá bhfuil an tuarascáil le soláthar, nó más Satharn nó Domhnach é, cuirfear na sonraí isteach an lá oibre ina dhiaidh sin.

4. I gcás ina dtuairiscíonn brainsí tríú tír a bhfaisnéis airgeadais nó a bhfaisnéis maidir leis an gceannghnóthas agus úsáid á baint as dátaí tagartha coigeartaithe maidir le tuairisciú bunaithe ar dheireadh a mbliana cuntasaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 1(3), féadfar na dátaí íocaíochta a choigeartú dá réir ionas go gcoinneofar ar bun an tréimhse íocaíochta chéanna ón dáta tagartha coigeartaithe maidir le tuairisciú.

5. Féadfaidh brainsí tríú tír figiúirí neamhiniúchta a chur isteach (i.e. figiúirí nach bhfuil tuairim ó iniúchóir seachtrach faighte ina leith). I gcás nach mar a chéile na figiúirí iniúchta (i.e figiúirí iniúchta ag iniúchóir seachtrach a léiríonn tuairim iniúchta) agus na figiúirí neamhiniúchta a cuireadh isteach, cuirfear isteach na figiúirí iniúchta athbhreithnithe gan moill mhíchuí.

6. Na ceartúcháin eile ar na tuarascálacha a cuireadh isteach, cuirfear iad faoi bhráid na n-údarás inniúil freisin gan moill mhíchuí.

Airteagal 3

Tuairisciú ar fhaisnéis rialála agus airgeadais faoi bhrainsí tríú tír

1. Déanfaidh brainsí tríú tír a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 48a(1) de Threoir 2013/36/AE (aicme 1) na teimpléid a chur isteach ina mbeidh faisnéis maidir lena bhfaisnéis rialála agus airgeadais féin mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo mar a leanas:

(a) tá teimpléad 9.1 le cur isteach uair sa mhí;

(b) tá teimpléid 1.1, 2, 7.1 agus 8.1 le cur isteach uair sa ráithe;

(c) tá teimpléid 3.1, 4.1, 5.1, 6.1 agus 10 le cur isteach uair gach leathbhliain.

2. Déanfaidh brainsí tríú tír nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 48a(1) de Threoir 2013/36/AE (aicme 2) na teimpléid a chur isteach ina mbeidh faisnéis maidir lena bhfaisnéis rialála agus airgeadais féin mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo mar a leanas:

(a) tá teimpléad 9.2 le cur isteach uair sa mhí;

(b) tá teimpléid 1.2, 2, 7.2 agus 8.2 le cur isteach uair sa ráithe;

(c) tá teimpléid 3.2, 4.2, 5.2, 6.2 agus 10 le cur isteach uair sa bhliain.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, ní thuairisceoidh brainsí tríú tír teimpléad 10 ach amháin i gcás ina gceanglaíonn an t-údarás inniúil náisiúnta é sin i gcomhréir le hAirteagal 48k(1)(c) de Threoir 2013/36/AE.

Airteagal 4

Faisnéis rialála agus airgeadais maidir leis an gceannghnóthas

1. Déanfaidh brainsí tríú tír a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 48a(1) de Threoir 2013/36/AE (aicme 1) na teimpléid a chur isteach ina mbeidh faisnéis maidir le faisnéis rialála agus airgeadais a gceannghnóthais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo mar a leanas:

(a) tá teimpléid 1 agus 2 le cur isteach uair sa ráithe;

(b) tá teimpléid 3, 4, 5, 6 agus 7 le cur isteach uair gach leathbhliain.

2. Déanfaidh brainsí tríú tír nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 48a(1) de Threoir 2013/36/AE (aicme 2) na teimpléid a chur isteach ina mbeidh faisnéis maidir le faisnéis rialála agus airgeadais a gceannghnóthais mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo mar a leanas:

(a) tá teimpléid 1 agus 2 le cur isteach uair sa ráithe;

(b) tá teimpléid 3, 4, 5, 6 agus 7 le cur isteach uair sa bhliain.

Airteagal 5

Réitigh TF, teimpléid tuairiscithe agus treoracha

1. Áiritheoidh ÚBE go gcomhlíonfaidh na réitigh TF, lena n-áirítear treoracha, arna bhforbairt de bhun Airteagal 481(1) de Threoir 2013/36/AE na formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe a leagtar síos sa Rialachán seo ag gach tráth agus go n-áireofar iontu na pointí sonraí agus an fhaisnéis uile a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh ÚBE na réitigh TF, lena n-áirítear, na treoracha dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Coimeádfaidh ÚBE na réitigh TF sin cothrom le dáta agus ar fáil i ngach teanga oifigiúil den Aontas.

Airteagal 6

Formáidí malartaithe sonraí agus faisnéis a ghabhann le haighneachtaí

1. Cuirfidh brainsí tríú tír an fhaisnéis dá dtagraítear sa Rialachán seo isteach sna formáidí malartaithe sonraí agus sna léirithe a shonraíonn na húdaráis inniúla, urramóidh siad sainmhíniú pointe sonraí na samhla pointe sonraí agus na foirmlí bailíochtaithe dá dtagraítear sna réitigh TF a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE, agus comhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas:

(a) nuair a chuirfear isteach sonraí, ní áireoidh siad faisnéis nach bhfuil riachtanach nó nach bhfuil infheidhme;

(b) cuirfidh siad luachanna uimhriúla isteach mar a leanas:

(i) tuairisceoidh siad pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíoch' ag gabháil leo trí úsáid a bhaint as beachtas íosta atá coibhéiseach le deich míle aonad;

(ii) sloinnfidh siad pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Céatadán' ag gabháil leo in aghaidh an aonaid agus beachtas íosta acu is comhionann agus ceithre dheachúil;

(iii) ní úsáidfidh siad deachúlacha agus pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Slánuimhir' ag gabháil leo á dtuairisciú acu agus bainfidh siad úsáid as beachtas is comhionann agus aonaid;

(c) sainaithneoidh siad institiúidí agus gnóthais árachais trína nAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) amháin;

(d) sainaithneoidh siad eintitis agus contrapháirtithe seachas institiúidí agus gnóthais árachais trína LEI, i gcás ina bhfuil sé ar fáil; agus i gcás nach bhfuil sé sin ar fáil, a gcód náisiúnta.

2. Cuirfidh brainsí tríú tír an fhaisnéis seo a leanas isteach, mar aon leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach:

(a) dáta tagartha maidir le tuairisciú agus tréimhse thagartha;

(b) airgeadra tuairiscithe;

(c) caighdeán cuntasaíochta;

(d) LEI an bhrainse tríú tír tuairiscithe, i gcás ina bhfuil sé ar fáil; agus i gcás nach bhfuil sé sin ar fáil, a gcód náisiúnta;

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Márta 2027 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Iarscríbhinn I - Tuairisciú brainsí tríú tír

Teimpléid do bhrainsí tríú tír				
Uimhir an teimpléid	Cód an teimpléid	Seolaithe	An bunús dlí	Ainm an teimpléid /an ghrúpa teimpléad
Faisnéis airgeadais				
1,1	E 01.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (a) d'Airteagal 48k(1) TCC (An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)	Sócmhainní agus dliteanais arna gclárú agus arna dtionscnamh ag an mbrainse tríú tír (Aicme 1)
1,2	E 01.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (a) d'Airteagal 48k(1) TCC (An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)	Sócmhainní agus dliteanais arna gclárú agus arna dtionscnamh ag an mbrainse tríú tír (Aicme 2)
2	E 02.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (a) d'Airteagal 48k(1) TCC (An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)	Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe de chuid an bhrainse tríú tír (Aicme 1 agus Aicme 2)
3,1	E 03.01	BTTanna Aicme 1	Pointí (a)(i) agus (ii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Na sócmhainní is mó agus comhchruinnithe móra neamhchosanta (Aicme 1)
3,2	E 03.02	BTTanna Aicme 2	Pointí (a)(i) agus (ii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Na sócmhainní is mó agus comhchruinnithe móra neamhchosanta (Aicme 2)
4,1	E 04.01	BTTanna Aicme 1	Pointí (a)(i) agus (ii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Na dliteanais is mó agus comhchruinnithe móra foinsí cistiúcháin (Aicme 1)
4,2	E 04.02	BTTanna Aicme 2	Pointí (a)(i) agus (ii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Na dliteanais is mó agus comhchruinnithe móra foinsí cistiúcháin (Aicme 2)
5,1	E 05.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (a)(iii) d'Airteagal 48k(1) TCC	idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais - Méideanna iníoctha le agus méideanna infhála (Aicme 1)
5,2	E 05.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (a)(iii) d'Airteagal 48k(1) TCC	idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais - Méideanna iníoctha le agus méideanna infhála (Aicme 2)
6,1	E 06.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (a)(iii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais - Costais agus ioncam a ghineann na hidirbhearta (Aicme 1)
6,2	E 06.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (a)(iii) d'Airteagal 48k(1) TCC	Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais - Costais agus ioncam a ghineann na hidirbhearta (Aicme 2)

Teimpléid do bhrainsí tríú tír				
Uimhir an teimpléid	Cód an teimpléid	Seolaithe	An bunús dlí	Ainm an teimpléid /an ghrúpa teimpléad
Faisnéis rialála				
7,1	E 07.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48e TCC	Áireamh na gceanglas maidir le dearlaic chaipitil (Aicme 1)
7,2	E 07.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48e TCC	Áireamh na gceanglas maidir le dearlaic chaipitil (Aicme 2)
8,1	E 08.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48e TCC	Sócmhainní taiscthe lena gcumhdaítear MCER agus faireachán ar éabhlóid an chuntais eascró (Aicme 1)
8,2	E 08.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48e TCC	Sócmhainní taiscthe lena gcumhdaítear MCER agus faireachán ar éabhlóid an chuntais eascró (Aicme 2)
9,1	E 09.01	BTTanna Aicme 1	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48f TCC	Cumhdach leachtachta - ríomhanna (Aicme 1)
9,2	E 09.02	BTTanna Aicme 2	Pointe (b) d'Airteagal 48k(1) agus Airteagal 48f TCC	Cumhdach leachtachta - ríomhanna (Aicme 2)
10	E 10.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (c) d'Airteagal 48k(1) TCC	Socruithe cosanta taiscí atá ar fáil do thaisceoirí sna brainsí tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 15(2) agus (3) den Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (TSRT)

E 01.01 - Sócmhainní agus dliteanais arna gclárú agus arna dtionscnamh ag an mbrainse tríú tír (Aicme 1)

		Méid arna chlárú ag BTT			Méid arna thionscnamh ag BTT
			agus de sin: sócmhainní arna dtaisceadh lena gcumhdaítear OCER	agus de sin: seasaimh inghrúpa	
		0010	0020	0030	0040
Iomlán sócmhainní	0010				
Sócmhainní airgeadais	0020				
Airgead ar láimh	0030				
Iarmhéideanna airgid i mbainc cheannais	0040				
Taiscí prapéilimh eile	0050				
Díorthaigh	0060				
Ionstraimí cothromais	0070				
Urrúis fiachais	0080				
Iasachtaí agus airleacain	0090				
Sócmhainní neamhairgeadais	0100				
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	0110				
Réadmhaoin infheistíochta	0120				
Cáilmheas	0130				
Sócmhainní doláimhsithe eile	0140				
Sócmhainní cánach reatha	0150				
Sócmhainní cánach iarchurtha	0160				
Sócmhainní eile	0170				
Iomlán Dliteanas	0180				
Dliteanais airgeadais	0190				
Suíomhanna gearra	0200				
Taiscí	0210				
Díorthaigh	0220				
Urrús fiachais arna n-eisiúint	0230				
Dliteanais airgeadais eile	0240				
Dliteanais neamhairgeadais	0250				
Soláthairtí	0260				
Dliteanais chánach reatha	0270				
Dliteanais chánach iarchurtha	0280				
Scairchaipiteal atá inaisíoctha ar éileamh	0290				
Dliteanais eile	0300				
Cothromas	0310				

E 01.02 - Sócmhainní agus dliteanais arna gclárú agus arna dtionscnamh ag an mbrainse tríú tír (Aicme 2)

		Méid arna chlárú ag BTT		Méid arna thionscnamh ag BTT
			agus de sin: sócmhainní arna dtaisceadh lena gcumhdaítear OCER	
		0010	0020	0040
Iomlán sócmhainní	0010			
Sócmhainní airgeadais	0020			
Airgead ar láimh	0030			
Iarmhéideanna airgid i mbainc cheannais	0040			
Taiscí prapéilimh eile	0050			
Díorthaigh	0060			
Ionstraimí cothromais	0070			
Urrúis fiachais	0080			
Iasachtaí agus airleacain	0090			
Sócmhainní neamhairgeadais	0100			
Iomlán Dliteanas	0180			
Dliteanais airgeadais	0190			
Suíomhanna gearra	0200			
Taiscí	0210			
Díorthaigh	0220			
Urrús fiachais arna n-eisiúint	0230			
Dliteanais airgeadais eile	0240			
Dliteanais neamhairgeadais	0250			
Cothromas	0310			

E 02.00 - Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe (Aicme 1 agus Aicme 2)

		Méid ainmniúil	An t-uasmhéid is féidir a chur san áireamh
		0010	0020
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna dtabhairt	0010		
Gealltanais iasachta arna dtabhairt	0020		
Ráthaíochtaí airgeadais arna dtabhairt	0030		
Gealltanais eile arna dtabhairt	0040		
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna bhfáil	0050		
Gealltanais iasachta arna bhfáil	0060		
Ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil	0070		
Gealltanais eile arna bhfáil	0080		

E 03.01 - Na sócmhainní is mó agus comhchruinnithe móra neamhchosanta (Aicme 1)

Cineál an chontrapháirtí:

		Contrapháirtí					Méid								
		Cód / Cód an ghrúpa	An cineál cóid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód náisiúnta	Áit chónaithe an chontraph-áirtí	Comhchruinni-the neamhchos-anta	Sócmhainní roghnaithe				Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna dtabhairt			Lagú carntha
								Ionstraimí fiachais	Ionstraimí cothromais	Díorthaigh	agus de sin: arna mhainneacht-ain	Gealltanais iasachta	Ráthaíochtaí airgeadais	Gealltanais eile	
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140
1	0010														
2	0020														
3	0030														
4	0040														
5	0050														
6	0060														
7	0070														
8	0080														
9	0090														
10	0100														

E 03.02 - Na sócmhainní is mó agus comhchruinnithe móra neamhchosanta (Aicme 2)

Cineál an chontrapháirtí:

		Contrapháirtí					Méid								
		Cód / Cód an ghrúpa	An cineál cóid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód náisi-únta	Áit chónaithe an chontraph-áirtí	Comhchruinni-the neamhchos-anta	Sócmhainní roghnaithe				Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna dtabhairt			Lagú carntha
								Ionstraimí fiachais	Ionstraimí cothromais	Díorthaigh	agus de sin: arna mhainneacht-ain	Gealltanais iasachta	Ráthaíochtaí airgeadais	Gealltanais eile	
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140
1	0010														
2	0020														
3	0030														
4	0040														
5	0050														

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

E 04.01 - Na dliteanais is mó agus comhchruinnithe móra foinsí cistiúcháin (Aicme 1)

Cineál an chontrapháirtí:

		Contrapháirtí					Méid			
		Cód / Cód an ghrúpa	An cineál cóid	Ainm an chontrapháirtí	Cód náisiúnta	Áit chónaithe an chontrapháirtí	Comhchruinnithe foinsí cistiúcháin	Dliteanais roghnaithe		
								Taiscí	Urrús fiachais arna n-eisiúint	Dliteanais airgeadais eile
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090
1	0010									
2	0020									
3	0030									
4	0040									
5	0050									
6	0060									
7	0070									
8	0080									
9	0090									
10	0100									

E 04.02 - Na dliteanais is mó agus comhchruinnithe móra foinsí cistiúcháin (Aicme 2)

Cineál an chontrapháirtí:

		Contrapháirtí					Méid			
		Cód / Cód an ghrúpa	An cineál cóid	Ainm an chontrapháirtí	Cód náisiúnta	Áit chónaithe an chontrapháirtí	Comhchruinnithe foinsí cistiúcháin	Dliteanais roghnaithe		
								Taiscí	Urrús fiachais arna n-eisiúint	Dliteanais airgeadais eile
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090
1	0010									
2	0020									
3	0030									
4	0040									
5	0050									

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

E 05.01 - Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais (Aicme 1)

Idirbhearta leo seo a leanas:

		Iarmhéideanna gan íoc maidir leis na hidirbhearta uile	Idirbhearta móra														
			An méid is mó			An dara méid is mó			An tríú méid is mó			An ceathrú méid is mó			An cúigiú méid is mó		
			Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontraph-áirtí	Cód
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150	0160
Sócmhainní airgeadais roghnaithe	0010																
Ionstraimí cothromais	0020																
Urrúis fiachais	0030																
Iasachtaí agus airleacain	0040																
Dliteanais airgeadais roghnaithe	0050																
Taiscí	0060																
Urrús fiachais arna n-eisiúint	0070																
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna dtabhairt	0080																
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna bhfáil	0090																
Méid barúlach na ndíorthach	0100																

E 05.02 - Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais (Aicme 2)

Idirbhearta leo seo a leanas:

		Iarmhéideanna gan íoc maidir leis na hidirbhearta uile	Idirbhearta móra								
			An méid is mó			An dara méid is mó			An tríú méid is mó		
			Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontrapháirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontrapháirtí	Cód	Iarmhéid gan íoc	Ainm an chontrapháirtí	Cód
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100
Sócmhainní airgeadais roghnaithe	0010										
Ionstraimí cothromais	0020										
Urrúis fiachais	0030										
Iasachtaí agus airleacain	0040										
Dliteanais airgeadais roghnaithe	0050										
Taiscí	0060										
Urrús fiachais arna n-eisiúint	0070										
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna dtabhairt	0080										
Míreanna roghnaithe lasmuigh den chlár comhardaithe arna bhfáil	0090										
Méid barúlach na ndíorthach	0100										

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

IO L, 27.7.2026

E 06.01 - Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais (Aicme 1)

Idirbhearta leo seo a leanas:

		Méideanna maidir leis na hidirbhearta uile	Idirbhearta móra														
			An méid is mó			An dara méid is mó			An tríú méid is mó			An ceathrú méid is mó			An cúigiú méid is mó		
			Méid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Méid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Méid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Méid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód	Méid	Ainm an chontraph-áirtí	Cód
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150	0160
Ioncam úis	0010																
Speansais úis	0020																
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	0030																
Costais táillí agus coimisiúin	0040																
Costais riaracháin	0050																
Ioncam eile	0060																
Costais eile	0070																

E 06.02 - Idirbhearta móra inmheánacha leis an gceannghnóthas agus le comhaltaí ghrúpa an cheannghnóthais (Aicme 2)

Idirbhearta leo seo a leanas:

		Méideanna maidir leis na hidirbhearta uile	Idirbhearta móra								
			An méid is mó			An dara méid is mó			An tríú méid is mó		
			Méid	Ainm an chontrapháirtí	Cód	Méid	Ainm an chontrapháirtí	Cód	Méid	Ainm an chontrapháirtí	Cód
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100
Ioncam úis	0010										
Speansais úis	0020										
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	0030										
Costais táillí agus coimisiúin	0040										
Costais riaracháin	0050										
Ioncam eile	0060										
Costais eile	0070										

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

IO L, 27.7.2026

E 07.01- Áireamh na gceanglas maidir le dearlaic chaipitil (Aicme 1)

Airgeadra:

		Dliteanais					MCER	ACER	OCER	Sócmhainní arna dtaisceadh in eascró chun OCER a chomhlíonadh
		T-1	T-2	T-3	Meán neamhualaithe	Meán ualaithe				
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090
Méid	0010									

E 07.02- Áireamh na gceanglas maidir le dearlaic chaipitil (Aicme 2)

		Dliteanais					MCER	ACER	OCER	Sócmhainní arna dtaisceadh in eascró chun OCER a chomhlíonadh
		T-1	T-2	T-3	Meán neamhualaithe	Meán ualaithe				
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090
Méid	0010									

E 08.01 - Sócmhainní arna dtaisceadh lena gcumhdaítear OCER agus faireachán ar éabhlóid an chuntais eascró (Aicme 1)

Airgeadra:

		Iarmhéid tosaigh	Iarmhéid deiridh	Ainm an chontrapháirtí	Cód	An cineál cóid	Cód náisiúnta	Áit chónaithe an chontrapháirtí
		0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070
Sócmhainní arna dtaisceadh in eascró chun OCER a chomhlíonadh	0010							
Airgead nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid	0020							
Urrúis fiachais	0030							
agus de sin: an contrapháirtí is mó	0040							
agus de sin: an dara contrapháirtí is mó	0050							
agus de sin: an tríú contrapháirtí is mó	0060							
Ionstraimí incháilithe eile	0070							
agus de sin: an contrapháirtí is mó	0080							
agus de sin: an dara contrapháirtí is mó	0090							
agus de sin: an tríú contrapháirtí is mó	0100							

E 08.02 - Sócmhainní arna dtaisceadh lena gcumhdaítear OCER agus faireachán ar éabhlóid an chuntais eascró (Aicme 2)

		Iarmhéid tosaigh	Iarmhéid deiridh
		0010	0020
Sócmhainní arna dtaisceadh in eascró chun OCER a chomhlíonadh	0010		
Airgead nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid	0020		
Urrúis fiachais	0030		
Ionstraimí incháilithe eile	0070		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

E 09.01- Cumhdach leachtachta - ríomhanna (Aicme 1)

Airgeadra:

		Méid	Luach/Insreabhadh/Eis-sreabhadh	Céatadán
		0010	0020	0030
RÍOMHANNA				
Uimhreoir, ainmneoir, cóimheas				
Maolán leachtachta	0010			
Glan-eis-sreabhadh leachtachta	0020			
Cóimheas cumhdaigh leachtachta (%)	0030			
Ríomhanna an uimhreora				
Sócmhainní Leibhéal 1				
Maolán leachtachta L1 cé is moite de EHQCB (luach i gcomhréir le hAirteagal 9): gan choigeartú	0040			
Eis-sreafaí comhthaobhacha 30 lá L1 cé is moite de EHQCB	0050			
Insreafaí comhthaobhacha 30 lá L1 cé is moite de EHQCB	0060			
Eis-sreafaí 30 lá airgid urraithe	0070			
Insreafaí 30 lá airgid urraithe	0080			
'méid coigeartaithe' L1 cé is moite de EHQCB	0091			
Luach L1 EHQCB i gcomhréir le hAirteagal 9: gan choigeartú	0100			
Eis-sreafaí comhthaobhacha 30 lá L1 EHQCB	0110			
Insreafaí comhthaobhacha 30 lá L1 EHQCB	0120			
'méid coigeartaithe' L1 EHQCB	0131			
Sócmhainní leibhéal 2A				
Luach L2A i gcomhréir le hAirteagal 9: gan choigeartú	0160			
Eis-sreafaí comhthaobhacha 30 lá L2A	0170			
Insreafaí comhthaobhacha 30 lá L2A	0180			
'méid coigeartaithe' L2A	0191			

		Méid	Luach/Insreabhadh/Eis-sreabhadh	Céatadán
		0010	0020	0030
Sócmhainní leibhéal 2B				
Luach L2B i gcomhréir le hAirteagal 9: gan choigeartú	0220			
Eis-sreafaí comhthaobhacha 30 lá L2B	0230			
Insreafaí comhthaobhacha 30 lá L2B	0240			
'méid coigeartaithe' L2B	0251			
Méid barrachais na sócmhainní leachtachta	0280			
Ríomhanna an ainmneora				
Eis-sreafaí				
Iomlán Eis-sreafaí	0300			
Ó thaiscí miondíola	0301			
Ó idirbhearta neamhurraithe eile	0302			
Ó iasachtú urraithe agus ó idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh	0303			
Ó nithe eile	0304			
Insreafaí				
Insreafaí atá lán-díolmhaithe	0310			
Insreafaí atá faoi réir Uasteorainn 90 %	0320			
Insreafaí atá faoi réir Uasteorainn 75 %	0330			
Laghdú le haghaidh Insreafaí atá Lán-Díolmhaithe	0340			
Laghdú le haghaidh Insreafaí atá faoi réir Uasteorainn 90 %	0350			
Laghdú le haghaidh Insreafaí atá faoi réir Uasteorainn 75 %	0360			
Ceanglais bhreise leachtachta				
Ceanglais bhreise leachtachta	0381			

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

E 09.02- Cumhdach leachtachta - ríomhanna (Aicme 2)

		Méid	Luach/Insreabhadh / Eis-sreabhadh
		0010	0020
Iomlán Eis-sreafaí	0300		
Ó thaiscí miondíola	0301		
Ó idirbhearta neamhurraithe eile	0302		
Ó iasachtú urraithe agus ó idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh	0303		
Ó nithe eile	0304		
Iomlán Insreafaí gan Uasteorainn Insreafaí	0305		
Glan-eis-sreabhadh Leachtachta gan Uasteorainn Insreafaí	0306		
Sócmhainní neamhualaithe agus leachtacha	0390		
Institiúidí Creidmheasa	0400		
Bainc Cheannais	0410		
Ceanglais bhreise leachtachta			
Ceanglais bhreise leachtachta	0381		

E 10.00 - Na socruithe cosanta taiscí atá ar fáil do thaisceoirí sna brainsí tríú tír

An cineál faisnéise	Mír faisnéise		Freagra
			0010
1. Cineál SRT	1,1. An bhfuil ballraíocht SRT i do thír bhaile éigeantach maidir le hinstitiúidí creidmheasa?	0010	
	i. Ainm an SRT lena bhfuil do cheannghnóthas cleamhnaithe ina thríú tír bhaile	0020	
	ii. Más infheidhme, sonraigh cineál riaracháin an SRT lena bhfuil an ceannghnóthas cleamhnaithe	0030	
	1,2. An bhfuil aon institiúid airgeadais glactha taisce (seachas institiúidí creidmheasa) ann lena bhfuil an chleamhnacht leis an SRT sin éigeantach nó deonach?	0040	
	i. Más infheidhme, sonraigh cineál na n-institiúidí airgeadais agus an bhfuil an chleamhnacht éigeantach nó deonach	0050	
2. Cumhdach an SRT tríú tír	2,1. Raon feidhme an chumhdaigh: liosta na n-eisiamh	0060	
	2.2.i. Teorainn an chumhdaigh: uasmhéid comhiomlánaithe na dtaiscí incháilithe cumhdaithe in aghaidh an tsealbhóra taisce - mar a shloinntear in airgeadra áitiúil an tríú tír.	0070	
	2.2.ii. Ainmníocht an airgeadra áitiúil	0080	
	2,3. Conas a láimhseálann an SRT tríú tír comhchuntais?	0090	
	2,4. Cad iad na príomhthréithe a bhaineann le beartas aisíocaíochta do SRT baile i gcás teip bainc?	0100	
	2,5. Ordlathas creidiúnaithe taiscí: príomhghnéithe	0110	
	2,6. Cosúlacht na cóireála: an ráthaíonn an SRT tríú tír go hiomlán cosúlacht na córa?	0120	
3. Sásraí agus socruithe cistiúcháin	3.1.Cistiú: cén bonn athfhillteach ar a dtógtar an ciste SRT?	0130	
	3,2. An bhfuil sprioc-chiste íosta ag an SRT faoi láthair?	0140	
	i. Más infheidhme, cainníochtaigh é agus mínigh an bhfuil sainordú dlíthiúil aige nó an bhfuil sé socraithe ag an SRT nó ag údarás eile	0150	
	3,3. Préimheanna: cén cineál préimheanna a fhorchuireann do SRT tríú tír ar do cheannghnóthas?	0160	
	3,4. Ranníocaíochtaí éigeandála agus foinsí cistiúcháin breise le linn tréimhsí struis	0170	
	i. Más infheidhme, mínigh cad atá sna socruithe cistiúcháin malartacha sin	0180	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

Tuairisciú cheannghnóthas na mBrainsí Tríú Tír

TEIMPLÉID AN CHEANNGHNÓTHAIS				
Uimhir an teimpléid	Cód an teimpléid	Seolaithe	An bunús dlí	Ainm an teimpléid /an ghrúpa teimpléad
Faisnéis chainníochtúil				
1	H 01.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (a) d'Airteagal 48k(2) TCC (An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)	Faisnéis faoi ghrúpa an cheannghnóthais
2	H 02.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (a) d'Airteagal 48k(2) TCC (An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)	Faisnéis faoi fhochuideachtaí roghnaithe agus faoi bhrainsí tríú tír eile den ghrúpa tríú tír san Aontas
3,1	H 03.01	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (b) d'Airteagal 48k(2) TCC	Comhlíontacht an cheannghnóthais leis na ceanglais stuamachta is infheidhme sa tríú tír (Basel III)
4	H 04.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (f) d'Airteagal 48k(2) TCC	Seirbhísí a sholáthraíonn an ceannghnóthas ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais seirbhísí
Faisnéis cháilíochtúil				
3,2	H 03.02	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (b) d'Airteagal 48k(2) TCC	Comhlíontacht an cheannghnóthais leis na ceanglais stuamachta is infheidhme sa tríú tír (seachas Basel III)
5	H 05.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (c) d'Airteagal 48k(2) TCC	Athbhreithnithe agus measúnuithe maoirseachta móra an cheannghnóthais
6	H 06.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (d) d'Airteagal 48k(2) TCC	Pleananna téarnaimh an cheannghnóthais
7	H 07.00	BTTanna Aicme 1 agus 2	Pointe (e) d'Airteagal 48k(2) TCC	Straitéis ghnó an cheannghnóthais

H 01.00 - Faisnéis faoi ghrúpa an cheannghnóthais

		Ainm	Tír	Cód	An cineál cóid	Iomlán sócmhainní	Iomlán Dliteanas
		0010	0020	0030	0040	0050	0060
Ceannghnóthas deiridh	0010						
Eintitis a tuairiscíodh in H 02.00	0020						
Na heintitis eile uile nár tuairiscíodh in H 02.00	0030						
BTT tuairiscithe	0040						
Ceannghnóthas díreach an BTT tuairiscithe	0050						
Ceannghnóthas eile is infheidhme den BTT tuairiscithe	0060						

H 02.00 - Faisnéis faoi fhochuideachtaí roghnaithe agus faoi bhrainsí tríú tír eile den BTT san Aontas

Fochuideachtaí roghnaithe agus BTTanna eile de ghrúpa an cheannghnóthais san Aontas									
Ainm	Cód	An cineál cóid	Cód náisiúnta	An cineál eintitis	Ballstát bunaíochta	Údarás inniúil	Iomlán sócmhainní	Iomlán Dliteanas	An máthairghnóthas idirmheánach é an t-eintiteas seo?
0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

H 03.01 - Comhlíontacht an cheannghnóthais leis na ceanglais stuamachta is infheidhme sa tríú tír (Basel III)

Ceannghnóthas:

Leibhéal comhdhlúthaithe:

		Luach / Céatadán
		0010
Cistí dílse agus ceanglais na gcistí dílse		
Bunchaipiteal		
Méid an Chaipitil	0010	
Cóimheas an chaipitil	0020	
Ceanglas arna fhorchur ag an dlínse	0030	
Leibhéal 1		
Méid an Chaipitil	0040	
Cóimheas an chaipitil	0050	
Ceanglas arna fhorchur ag an dlínse	0060	
Caipiteal iomlán		
Méid an Chaipitil	0070	
Cóimheas an chaipitil	0080	
Ceanglas arna fhorchur ag an dlínse	0090	
Sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca		
Méid	0100	
Cóimheas cumhdaigh leachtachta		
Sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin	0110	
Glan-eis-sreabhadh airgid	0120	
Cóimheas cumhdaigh leachtachta	0130	
Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí		
An méid cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil	0140	
An méid cistiúcháin chobhsaí is gá	0150	
CGCC	0160	
Cóimheas giarála		
Tomhas caipitil	0170	
Tomhas na neamhchosanta	0180	
Cóimheas giarála	0190	

H 03.02 - Comhlíontacht an cheannghnóthais leis na ceanglais stuamachta is infheidhme sa tríú tír (seachas Basel III)

Ceannghnóthas:

Leibhéal comhdhlúthaithe:

		Barúil
0010		
Caighdeáin nó creat dlíthiúil a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh ceanglais stuamachta	0010	
Cistí dílse agus ceanglais na gcistí dílse	0020	
Ceanglais maidir le cóimheas cumhdaigh leachtachta	0030	
Ceanglais maidir le cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí	0040	
Ceanglais maidir le cóimheas giarála	0050	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

H 04.00 - Na seirbhísí a sholáthraíonn an ceannghnóthas do chliaint atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais seirbhísí

Ceannghnóthas:

		Sócmhainní gaolmhara	Dliteanais ghaolmhara	Míreanna gaolmhara lasmuigh den chlár comhardaithe
		0010	0020	0030
1. Taiscí agus cistí inaisíoctha eile a ghlacadh	0010			
2. Iasachtú	0020			
6. Ráthaíochtaí agus gealltanais	0030			

H 05.00 - Athbhreithnithe agus measúnuithe maoirseachta móra agus na cinntí maoirseachta a dhéantar dá mbarr

Ceannghnóthas:

Mír faisnéise			Luach faisnéise	Barúlacha Breise
			0010	0020
Measúnú bliantúil a dhéanann maoirseoir do thíre baile ar do cheannghnóthas	Scór foriomlán	**0010**		
	Eilimintí riosca arna meas ag an maoirseoir tríú tír don scór foriomlán:	**0020**		
	Samhail Ghnó & Brabúsacht	**0021**		
	Rialachas Inmheánach	**0022**		
	Leordhóthanacht Caipitil	**0023**		
	Riosca Creidmheasa	**0024**		
	Riosca Margaidh	**0025**		
	Riosca an ráta úis sa Leabhar Baincéireachta	**0026**		
	Riosca Oibriúcháin	**0027**		
	Riosca leachtachta	**0028**		
Cigireachtaí agus cineálacha eile athbhreithnithe a dhéanann maoirseoir do thíre baile ar do cheannghnóthas	Cigireachtaí ar an láthair	**0030**		
	Athbhreithnithe téamacha	**0040**		
	Mionscrúduithe	**0050**		
Cinntí arna n-eisiúint ag an maoirseoir maidir leis an gceannghnóthas	Cinntí caipitil (ceanglais chaipitil bhreise Cholún II, bídís ceangailteach nó neamhcheangailteach)	**0060**		
	Cinntí leachtachta	**0070**		
	Cinntí giarála	**0080**		
	Tarscaoiltí	**0090**		
	Formheasanna	**0100**		
	Eile	**0110**		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1757/oj

H 06.00 - Pleananna téarnaimh agus na bearta sonracha a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir leis na BTTanna i gcomhréir leis na pleananna sin

Ceannghnóthas:

1. Achoimre ar phríomhghnéithe phlean téarnaimh an cheannghnóthais	**0010**	
2. Bearta a mbeadh tionchar acu ar an BTT i gcomhréir leis na roghanna téarnaimh arna gceapadh ag do cheannghnóthas, i gcomhréir le hAirteagal 48k(2), pointe (d) de Threoir 2013/36/AE Tabhair na sonraí seo a leanas: - Achoimre ar na roghanna téarnaimh a mbeadh tionchar acu ar an BTT. - I gcás gach rogha aisghabhála, cainníochtú ar a tionchar ar an BTT i dtéarmaí caipitil, leachtachta, sócmhainní agus dliteanas agus brabúis agus caillteanais.	**0020**	

H 07.00 - Straitéis ghnó i ndáil leis na BTTanna

Ceannghnóthas:

Tabhair achoimre ar phríomhghnéithe straitéis ghnó an cheannghnóthais i ndáil leis an BTT.	**0010**	